An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040


Ár dTodhchaí Tuaithe
Our Rural Future

# Achoimre ar Scéim CLÁR 2024

## Beart 1: Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail

**Cúlra**

Is ionann CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) agus clár infheistíochta spriocdhírithe do cheantair thuaithe a bhfuil mar aidhm leis maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bheaga bhonneagair i gceantair faoin tuath a bhfuil leibhéil arda bánaithe tarlaithe iontu.




**Clár CLÁR 2024**

Tá méadú ó €7.8 milliún go €8.7 milliún tagtha ar an leithdháileadh don Chlár CLÁR don bhliain 2024. Déanfar clár 2024 a sholáthar faoi thrí Bheart ar leithligh mar seo a leanas:

Beart 1: Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail

Beart 2: Soghluaisteacht, Cúram Ailse, Céadfhreagróirí Pobail agus Iompar do Bhéilí ar Rothaí

Beart 3: ‘Oileáin na Tíre’

Tagraíonn an achoimre Scéime seo do Bheart 1: Forbairt Saoráidí & Taitneamhachtaí Pobail arna soláthar via Údaráis Áitiúla (ÚÁnna)

**Cuirfidh iarratasóirí iarratas ar an maoiniú seo faoi bhráid an údaráis áitiúil.**

**Amlínte**

| | |
|---|---|
| **Seoladh na scéime** | 12 Aibreán 2024 |
| **Iarratais le bheith faighte ag an Roinn ó na hÚdaráis Áitiúla*** | 19 Meitheamh, 2024 |
| **Maoiniú le dámhadh (táscach)** | Deireadh Fómhair 2024 |

| | |
|---|---|
| **Tionscadail tugtha chun críche agus maoiniú tarraingthe anuas faoi** | 30 Aibreán 2026 |

***Spreagtar iarratasóirí dul i dteagmháil lena nÚdaráis Áitiúla i ndáil le dátaí deiridh do léirithe spéise agus foirmeacha ábhartha. Is iad na hÚdaráis Áitiúla a riarann Beart 1 den chlár Clár thar ceann na Roinne.**

**Dul Chun Cinn na dTionscadal**

An tÚdarás Áitiúil (ÚÁ) atá freagrach as a chinntiú go mbeidh an tionscadal tugtha chun críche agus an maoiniú tarraingthe anuas laistigh de na hamlínte thuas luaite. Iarrfar ar an ÚÁ tuairisc a thabhairt ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn sna tionscadail a cheadaítear.

Féadfaidh an Roinn síneadh ama a thabhairt i gcásanna eisceachtúla. Ní mór aon iarratas ar shíneadh ama a chur isteach i scríbhinn agus **roimh dháta deiridh an chonartha** agus an chúis atá leis an síneadh mar aon leis na dátaí nua atá á n-iarraidh i ndáil le críochnú/tarraingt anuas. Coimeádann an Roinn an ceart iarratas ar bith ar shíneadh ama a cheadú nó a dhiúltú.

**An Próiseas Iarratais do 2024**

Trí chlár na bliana 2024, beidh scoileanna, grúpaí pobail agus deonacha agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúil in ann iarratas a chur isteach chuig na húdaráis áitiúla faoin mBeart seo. D'fhéadfadh údaráis áitiúla tionscadail a chur i gcrích as a stuaim féin ach ní mór iad sin a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an bpobal áitiúil.

D'fhéadfaí eagraíochtaí spóirt áitiúla a chur san áireamh leis na grúpaí pobail seo i gcás ina bhfuil an bonneagar a bhfuil tacaíocht á cur ar fáil dó tríd an iarratas chun leasa an phobail i gcoitinne (agus ní chun leasa na heagraíochta spóirt amháin) agus i gcás ina bhfuil sé **á chur ar fáil go neamhshrianta do gach duine den phobal.**

D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil suas le **15 iarratas ar thionscadal** a roghnú lena gcur ar aghaidh chuig an Roinn i gcomhair a mbreithnithe. Ní mór do gach ÚÁ 'Achoimre ar an Iarratas' (MS Excel) a chomhlánú. Ba chóir na tionscadail a chur in ord tosaíochta (1 go 15).

Chomh maith leis sin, ní mór don Údarás Áitiúil liosta a chur isteach de na Léirithe Spéise (LSnna) (MS Excel) ar fad a fuair siad i ndáil leis an mBeart seo. Ba chóir go gcuimseodh an liosta seo ceann ar bith de na hiarratais/na hiarratais ar fad nár éirigh leo bheith ar an liosta lena mbreithniú ag an Roinn.

Ba chóir go mbeadh na tionscadail atá beartaithe ar chaighdeán leordhóthanach, i gcomhréir leis an achoimre ar an scéim, an Plean Forbartha Contae/Plean Baile, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

D'fhéadfadh gnéithe éagsúla a bheith ag baint le hiarratais faoin mBeart seo i leith saoráid aonair, suas go huasmhéid maoinithe de €50,000.

Ní mór don Údarás Áitiúil an fhoirm 'Iarratas ar Thionscadal' a chur isteach (MS Word, ní i leagan amach PDF) i ndáil le gach aon tionscadal ar leith. Ní mór don ÚÁ a chinntiú go bhfuil na foirmeacha comhlánaithe go hiomlán agus ag cloí leis an Achoimre ar Scéim 2024. Go háirithe, ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go mbeidh rochtain phoiblí ag gach duine ar na saoráidí a mhaoinítear agus go mbeidh socruithe soiléire i bhfeidhm maidir leis an tsaoráid a chur faoi árachas agus a bhainistiú. Ní mór aon saoráidí a mhaoinítear a bheith oscailte don phobal gan riachtanas a bheith ann a bheith i do bhall do chlub, a bheith ar rolla na scoile agus mar sin de. **Ní mór do shaoráidí atá lonnaithe ar thailte na scoile a bheith oscailte don phobal tar éis uaireanta scoile.**

Ní mór cead an úinéara talún agus cead pleanála, más infheidhme, agus an cistiú meaitseála atá ag teastáil a bheith dearbhaithe agus i bhfeidhm ag tráth an iarratais i ndáil le gach aon iarratas. D'fhéadfadh an Roinn fianaise ar an méid sin a iarraidh le linn an phróisis measúnaithe. Nó mór cáipéisíocht dá leithéid a choinneáil ar comhad ar feadh tréimhse 6 bliana ó dháta an iarratais.

I gcás oibreacha caipitiúla, ní mór gur leis an iarratasóir an réadmhaoin nó ní mór go mbeadh léas bailí 15 bliana ag an iarratasóir don réadmhaoin sin.

Cinntigh go ndéantar iarratais a chomhlánú go hiomlán agus go mbeidh na cáipéisí tacaíochta riachtanacha ar fad curtha isteach mar d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Roinn in ann cáipéisíocht atá ar iarraidh nó foirmeacha iarratais neamhiomlána a leanúint suas.

**Ní bhreithneofar iarratais nach mbeidh comhlánaithe go hiomlán.**

Is ceart iarratais a chur ar aghaidh go díreach ar ríomhphost chuig an Roinn ar CLAR@DRCD.gov.ie **faoin 29 Meitheamh 2024.**

Iarratasóirí Incháilithe

Scoileanna, grúpaí pobail agus deonacha, cuideachtaí forbartha áitiúil, údaráis áitiúla.

Roghnú na dTionscadal ag Údaráis Áitiúla

Is trí na húdaráis áitiúla a chuirfear an beart i bhfeidhm. Ní mór tionscadail arna moladh ag an údarás áitiúil don Roinn a roghnú ar mbonn seo a leanas:

- go bhfuil siad lonnaithe i gceantar CLÁR
- gur iarratas ó eagraíocht phobail nó dheonach, scoil nó cuideachtaí forbartha áitiúil chuig an údarás áitiúil atá i gceist.
- go bhfuil fianaise shoiléir ar an ngá atá leis an tionscadal
- go bhfuil siad ag teacht leis an bPlean Forbartha Contae/Plean Baile, an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- go bhfuil fianaise faighte go bhfuil na ceadanna ar fad atá riachtanach i bhfeidhm nó ar bun (ní mór an uimhir thagartha pleanála a chur ar fáil)
- go bhfuil fianaise ann, nuair is infheidhme, ar úinéireacht/léas a bheith i bhfeidhm le 15 bliana ar a laghad
- go bhfuil costais mheasta chuimsitheacha leo, lena n-áirítear táillí riaracháin/gairmiúla an údaráis áitiúil
- go bhfuil fianaise ann go bhfuil cistiú meaitseála i bhfeidhm ag an tráth a dhéantar an t-iarratas
- go bhfuil fianaise ann go mbeidh an tionscadal atá á mhaoiniú ar fáil don phobal gan coinne a dhéanamh, agus go bhfuil an t-árachas atá riachtanach i bhfeidhm
- gur saoráid aonair (ní láithreacha éagsúla) atá i gceist
- go mbeidh teacht ag cách ar an tionscadal

- go bhfuil na tionscadail faoi réir chun tús a chur leo

Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go bhfuil teacht ag an bpobal ar shaoráidí a mhaoinítear agus go bhfuil socruithe soiléire déanta chun árachas a chur ar an tsaoráid agus í a bhainistiú. Ní mór aon saoráidí a mhaoinítear faoi mBeart seo a bheith oscailte don phobal gan riachtanas a bheith ann a bheith i do bhall do chlub, a bheith ar rolla na scoile agus mar sin de. Ní mór do shaoráidí atá lonnaithe ar thailte na scoile a bheith oscailte don phobal tar éis uaireanta scoile. Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go mbeidh saoráidí a mhaoinítear i bhfeidhm ar feadh 5 bliana ar a laghad ón tráth a gcríochnaítear iad.

Le linn an phróisis measúnaithe, tabharfaidh an DRCD tús áite d'iarratais ar thionscadal atá i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) agus leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

**Ráta Cúnaimh**

Beidh deontas €5,000 ar a laghad agus deontas €50,000 ar a mhéad i bhfeidhm don bheart seo. Cuirfear suas le 90% den chostas ar fáil faoin scéim. Ba chóir an 10% deiridh nó iarmhéid an chostais a chur ar fáil trí fhoinsí údaráis áitiúil/pobail nó eile. Féadfar glacadh le ranníocaíochtaí daonchairdiúla mar chuid den chostas maoinithe meaitseála nó don chostas maoinithe meaitseála iomlán. Ní mór an maoiniú seo a bheith i bhfeidhm ag an tráth a dhéantar an t-iarratas.

Tabhair ar aird nach féidir le maoiniú meaitseála teacht ó Scéimeanna DRCD eile.

**Tionscadail Incháilithe**

Faoi Bheart 1, tacófar le hidirghabhálacha caipitil éagsúla ar an gcoinníoll go gcuireann siad le feabhas a chur ar Saoráidí Áineasa Pobail Lasmuigh atá ann cheana féin agus/nó le cinn nua, inrochtana a fhorbairt.

A mhéid is indéanta, ní mór teacht a bheith ag daoine de gach cumas agus aois ar na taitneamhachtaí pobail ar fad a mhaoinítear faoin gclár seo.

Tugtar sa liosta thíos samplaí de na cineálacha idirghabhála a d'fhéadfaí tacú leo, **ach ní liosta críochnaitheach é**:

- Oibreacha athchóirithe ar mhionscála ar shaoráidí pobail atá oscailte don phobal i gcoitinne ar nós ionaid phobail/ionaid spóirt/clubthithe de chuid ghrúpaí spóirt/ionaid don aos óg/ botháin na bhfear etc
- Láithreacha Ilúsáide Cluichí (MUGAnna)/ saoráidí Astro-Turf, lena n-áirítear uasghráduithe
- Áiteanna súgartha/Páirceanna scátála/Pumpraonta/Rothar-raonta
- Raonta Siúlóide, Reatha, Lúthchleasaíochta
- Pinniúir Liathróide Láimhe, Cúirteanna Leadóige/ Cúirteanna Cispheile/ Fearainn Chruicéid
- Ionaid Aclaíochta Pobail/ Pictiúrlanna Pobail
- Gairdíní na gCeadfaí/ Gairdíní Pobail/ Cuibhrinn
- Rochtain ar láithreacha oidhreachta áitiúla ar leith / limistéir áilleachta nádúrtha
- Láithreacha Babhlála Allamuigh/Saoráidí Leithris Allamuigh/Carrchlóis
- Rochtain ar fhaichí spóirt a fheabhsú e.g. ardáin don lucht féachana a fhorbairt/uasghrádú ag faichí spóirt áitiúla agus béim faoi leith á leagan ar rochtain a fheabhsú do dhaoine de gach cumas agus aois
- Araidí Gréine
- Plandú Bithéagsúlachta

Ní mór achoimre shoiléir a thabhairt ar an bhfoirm iarratais ar an ngá atá leis na hidirghabhálacha agus ar an réasúnaíocht atá leis na hidirghabhálacha atá curtha ar aghaidh.

<u>Tionscadail Neamh-Incháilithe</u>

Ní chuirfear maoiniú ar fáil do na tionscadail seo a leanas faoi scéim reatha na bliana 2024:

- Bearta Sábháilteachta Scoile/Pobail*
- Cosáin
- Marcálacha bóthair
- Trasrianta do choisithe
- Scáthláin bus*

- Oibreacha ar fhoirgnimh reatha scoile nach bhfuil oscailte don phobal i ndiaidh uaireanta scoile
- CCTV

*Tá maoiniú d'oibreacha sábháilteachta i scoileanna agus chun chosáin etc. a sholáthar ar fáil faoin gClár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile/faoin gClár um Thaisteal Gníomhach arna fheidhmiú ag an Roinn Iompair /TII.

**Costais Incháilithe**

Ba chóir na costais incháilithe a bhaineann leis an tionscadal beartaithe a bheith sonraithe in iarratais. Tabhair do d'aire nach bhfuil incháilithe ach míreanna den chineál **caipitil**, atá lárnach don tionscadal.

Ba chóir costais riaracháin/foirne ar fad an údaráis áitiúil a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus ba chóir iad a mhionsonrú go soiléir san Achoimre ar an Iarratas.

**Táillí Gairmiúla**

Chun a chur in iúl go dtuigtear go gcuirtear roinnt tionscadail ar fáil i limistéir leochaileacha e.g. ó thaobh na héiceolaíochta nó na seandálaíochta de, tá an tairseach maidir le táillí gairmiúla bainte ach ní mór iad a bheith ag leibhéal réasúnach agus bheadh sonraí ina leith sin tugtha san fhoirm iarratais.

Chomh maith leis sin, ba chóir costais an údaráis áitiúil dá dtagraítear thuas agus a bhaineann le forbairt an tionscadail, maoirseacht etc. a chur san áireamh mar chuid den áireamh seo.

**Critéir Mheasúnaithe DRCD**

Le linn iarratais a mheasúnú, cuirfear líon gnéithe san áireamh, lena n-áirítear an t-ord tosaíochta a léirigh an t-údarás áitiúil; réimse, meascán, caighdeán agus tionchar

na dtionscadal atá beartaithe; inbhuanaitheacht na dtionscadal, maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo, agus ceisteanna ábhartha eile.

Beidh iarratais a n-éireoidh leo achomair agus dírithe. Tá caighdeán agus soiléire na n-iarratas comhlánaithe, go háirithe an gá / bunús a leagtar amach san iarratas, tábhachtach sa phróiseas measúnaithe.

Féadfar an líon tionscadal a cheadófar i ngach Contae a chinneadh agus tagairt á déanamh do mhéid an cheantair CLÁR sa Chontae i gcomórtas le méid iomlán an Chontae.

**Tionscadail a Sholáthar**

Táthar ag súil go n-imreoidh an t-údarás áitiúil ról ceannasach maidir le go leor de na tionscadail a cheadóidh an Roinn a sholáthar. Is é an páirtí a dhéanfaidh conradh leis an Roinn, de réir mar is cuí, a bheidh freagrach as aon easnamh a eascróidh as aon neamhchomhlíonadh i leith an tionscadail a chúiteamh.

Ní mór do na tionscadail ar fad an Creat Beartais um Sholáthar Poiblí Náisiúnta arna fhoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais a chomhlíonadh. Féach ar www.etenders.gov.ie chun níos mó sonraí a fháil. D'fhéadfaí an caiteachas gaolmhar a mheas a bheith neamh-incháilithe mura gcloítear leis na riachtanais seo.

**Socruithe maidir le Deontais a Íoc**

Féadfar maoiniú a tharraingt anuas i gcéimeanna i ndáil le gach tionscadal ar leithligh;

- Is féidir an chéad éileamh a chur isteach nuair atá ar a laghad 50% de chostais mheasta an tionscadail caite.
- Is féidir an t-éileamh deiridh a chur isteach i ndiaidh an tionscadal a chur i gcrích agus nuair atá costais ar fad an tionscadail tabhaithe.

Ní mór don údarás áitiúil gan iarrataí ar íocaíocht a chur isteach ach i ndiaidh don údarás áitiúil **íocaíocht a eisiúint** agus nuair a bheidh na hoibreacha ábhartha **curtha**

**i gcrích**. Ní cheadaítear iarraidh ar tharraingt anuas a chur isteach chuig an Roinn má tá sonraisc fós gan íoc nó i gcás nár chuir an grúpa pobail agus/nó an t-údarás áitiúil na hoibreacha ábhartha i gcrích go hiomlán.

**Fiosruithe**

Ba chóir aon fhiosruithe a sheoladh ar ríomhphost chuig CLAR@DRCD.gov.ie

**Coinníollacha Maoinithe do Scéimeanna Tuaithe arna Maoiniú faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.**

Beidh an caiteachas ar fad a chláraítear trí Scéimeanna Tuaithe na Roinne i.e. An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) faoi réir ag téarmaí an Chóid Caiteachais Phoiblí.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na riachtanais arna leagan amach thíos maidir leis an maoiniú go léir a cheadófar trí bhíthin na scéimeanna sin. Léireofar an gá atá le cloí leis na riachtanais go léir sa chomhaontú conartha idir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an deontaí ar ceadaíodh maoiniú ina leith faoin scéim.

| | |
|---|---|
| 1. | Beifear ag súil go dtosófar agus go gcríochnófar tionscadail i gcomhréir leis na hamlínte arna leagan amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim. |
| 2. | Féadfaidh an Roinn maoiniú a bhí leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach mbeidh an tionscadal tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus sa chás nach ndearnadh comhaontú sainráite leis an Roinn roimh ré síneadh ama a chur leis an socrú maoinithe. |
| 3. | Cuirfear an maoiniú deontais don tionscadal ceadaithe ar fáil ó bhuiséad caipitil na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is ceart costais riaracháin agus/nó costais ghairmiúla a bhaineann leis an tionscadal beartaithe, sa chás go gceadaítear iad san Achoimre ar an Scéim, a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ní mór na costais seo a thaifeadadh go soiléir san iarratas. |
| 4. | Ní mór ranníocaíocht in airgead tirim a dhéanamh, mar a leagtar amach san Achoimre ábhartha ar an Scéim. Beidh ar an deontaí a dhearbhú go bhfuil an ranníocaíocht in airgead tirim i bhfeidhm ag an tráth a dhéantar an t-iarratas agus taifead ar fhoinse na ranníocaíochta in airgead tirim a choinneáil. D’fhéadfadh an Roinn fianaise ar an méid sin a iarraidh le linn an phróisis measúnaithe. |

| | |
|---|---|
| 5. | Ní mór tionscadail a bheith tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go bhfaightear amach nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontaí aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Ní mór aon athruithe ar an tionscadal beartaithe a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn sula ndéanfar iad. |
| 6. | Sa chás nach gcuirtear gné den tionscadal ceadaithe i gcrích de réir iarratais an tionscadail, is féidir an maoiniú deontais a laghdú mar léiriú ar an tionscadal leasaithe. |
| 7. | Má bhaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó tailte nach bhfuil i seilbh an deontaí, ní mór léas 15 bliana a bheith i bhfeidhm ar a laghad seachas sa chás go gcomhaontaítear a mhalairt leis an Roinn. |
| 8. | I gcás maoiniú arna leithdháileadh d'fhiontair nó do shaoráidí (i.e. ionad pobail, moil, feithiclí faoi CLÁR, etc.), is riachtanas é go gcaithfidh siad oibriú mar a maoiníodh iad ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh don chéim dheireanach den mhaoiniú a bheithe eisithe, nó seans go mbeidh orthu maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré. |
| 9. | Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin iomchuí go léir maidir le hairgeadas, Soláthar Poiblí agus cuntasaíocht, agus tabharfaidh gach deontaí cuntas iomlán, tráthúil ar an maoiniú a gheofar. |
| 10. | Ba chóir doiciméadú iomlán agus cruinn a choinneáil mar thaca leis an gcaiteachas agus teacht a bheith ag oifigigh na Roinne air am ar bith chun críche iniúchta agus sin a choinneáil go ceann tréimhse sé bliana ón dáta a thiocfaidh an tionscadal chun críche. |
| 11. | Tabharfaidh deontaithe aitheantas don tacaíocht atá faighte ó Thionscadal Éireann 2040 / ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe / ó Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainaithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Roinn an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid beartas. |

| | |
|---|---|
| **12.** | Ní mór comharthaíocht a bheith i bhfeidhm i ngach tionscadal atá maoinithe trí CLÁR. Ní mór na comharthaí sin a bheith suiteáilte in áit fheiceálach, ní mór gné mharthanach a bheith i gceist leo, ní mór aitheantas a thabhairt do mhaoiniú CLÁR agus ní mór méid leordhóthanach a bheith iontu chun go mbeidh siad feiceálach go soiléir ag an bpobal. Ní mór do na comharthaí seo Treoirlínte na Roinne maidir le Brandáil a chomhlíonadh. |
| **13.** | Cuirfidh deontaithe pé tuarascálacha agus faisnéis a bhaineann leis an tionscadal agus a fhéadfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a iarraidh go réasúnta ó am go ham, ar fáil. |
| **14.** | Is ceart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag súil go mbaileoidh deontaithe sonraí iomchuí chun an fhoghlaim sin a éascú ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn má iarrtar a leithéide. |
| **15.** | Cuirfidh gach deontaí pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun íocaíocht agus iarrataí ar fhaisnéis a éascú. Is ceart aon athruithe ar na daoine teagmhála a chur in iúl don Roinn go tráthúil. |

**I gcás neamhchomhlíonadh leis na coinníollacha a dtugtar achoimre orthu nó le coinníollacha breise ar bith arna gcomhaontú i rith idirbheartaíocht conartha, d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin go gcaithfí an cúnamh deontais go léir a bronnadh, nó cuid de, a aisíoc.**